An Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Trade and Employment

# Comhairliúchán Poiblí faoi Thogra an Aontais Eorpaigh le haghaidh Rialacháin maidir le Sábháilteacht Bréagán agus lena n-Aisghairtear Treoir 2009/48/CE

Aibreán 2024

# Cúlra

Faoi láthair, rialaítear bréagáin le Treoir 2009/48/CE[1] maidir le sábháilteacht bréagán (an Treoir um Shábháilteacht Bréagán). Leis an Treoir seo, leagtar síos na ceanglais sábháilteachta nach mór do bhréagáin a chomhlíonadh sula gcuirfear ar mhargadh an Aontais Eorpaigh iad, cé acu má mhonaraítear san Aontas Eorpach nó i dtíortha nach baill den Aontas Eorpach iad. Ag an am céanna, tá sé mar aidhm ag an Treoir saorghluaiseacht bréagán laistigh den mhargadh inmheánach a chinntiú.

Chuir an Coimisiún Eorpach meastóireacht[2] ar an Treoir i gcrích agus sainaithníodh roinnt easnamh a tháinig chun solais le linn chur i bhfeidhm praiticiúil na Treorach ó glacadh í in 2009. Sainaithníodh easnaimh áirithe leis an meastóireacht i dtaca le leibhéal ard cosanta do leanaí ó rioscaí féideartha i mbréagáin a áirithiú, go háirithe ó rioscaí a bhaineann le ceimiceáin dhochracha. Ba é conclúid na meastóireachta go raibh an Treoir éifeachtach ar an iomlán maidir le cosaint a thabhairt do leanaí agus iad ag súgradh le bréagáin, sainaithníodh dhá phríomhfhadhb leis, áfach. Sainaithníodh leis an gcéad fhadhb go bhfuil easnaimh áirithe ann i dtaca le leibhéal ard cosanta ó rioscaí féideartha i mbréagáin a áirithiú do leanaí, ó rioscaí a bhaineann le ceimiceáin dhochracha. Sainaithníodh leis an dara fadhb nach bhfuil go leor éifeachtachta i dtaca le forfheidhmiú na Treorach, i gcomhthéacs díolachán ar líne, agus go bhfuil an-chuid bréagán neamhshábháilte ar mhargadh an Aontais fós.

[1] Treoir 2009/48/CE maidir le sábháilteacht bréagán (europa.eu)

[2] Meastóireacht an Choimisiúin Eorpaigh ar Threoir 2009/48/CE

# Cuspóirí an Togra

Leis an togra seo, ag tógáil ar na rialacha atá ann cheana, nuashonraítear na ceanglais sábháilteachta nach mór do bhréagáin a chomhlíonadh sula ndéanfar iad a mhargú san AE, cé acu má mhonaraítear iad san AE nó in áit éigin eile. Níos sonraí ná sin, cuirfear na cuspóirí seo a leanas i gcrích leis an togra:

- Cosaint ó cheimiceáin dhochracha a ardú: Ní hamháin go gcaomhnaítear an cosc atá ann cheana maidir le substaintí atá carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh leis an togra, ach cuirtear cosc ar úsáid a bhaint as ceimiceáin dhochracha eile i mbréagáin leis freisin. Dírítear leis an togra ar cheimiceáin a bhfuil dochar as cuimse ag baint leo do leanaí. Mar shampla, cuirfear cosc ar úsáid ceimiceán i mbréagáin a mbíonn tionchar acu ar an gcóras inchríneach (suaiteoirí inchríneacha) agus ar úsáid ceimiceán a mbíonn tionchar acu ar an gcóras riospráide nó a mbíonn tocsaineach i leith orgáin áirithe.

- Forfheidhmiú a neartú: Tá sé mar aidhm ag an togra go gcinntítear nach ndíolfar ach bréagáin shábháilte san Aontas Eorpach. Ceanglófar go mbeidh Pas Táirge Digiteach ag teastáil ó gach bréagán, a chuimseofar faisnéis a bhaineann le comhlíonadh an Rialacháin mholta. Beidh ar allmhaireoirí pasanna táirge digiteacha a chur isteach le haghaidh gach bréagáin ag teorainneacha an Aontais Eorpaigh, na cinn a ndíoltar ar líne san áireamh. Déanfar na pasanna táirge digiteacha uile a scrúdú ag na teorainneacha seachtracha le córas TF nua lena sainaithneofar lastais a bhfuil rialuithe mionsonraithe ag custaim ag teastáil uathu. Leanfaidh cigirí náisiúnta de bheith freagrach as seiceálacha ar bhréagáin a chur i gcrích. Anuas air sin, más ann do bhréagáin neamhshábháilte lena mbaineann rioscaí nár tuaradh go soiléir leis an Rialachán, cinntítear leis an togra go bhfuil sé de chumhacht ag an gCoimisiún nó ag an Údarás um Fhaireachas Margaidh ordú a thabhairt leis na bréagáin seo a bhaint ón margadh.

Is iad na príomhchuspóirí atá ag an rialachán seo an leibhéal is airde sábháilteachta do leanaí a áirithiú, agus saorchúrsaíocht bréagán san Aontas Eorpach a éascú. Leagtar amach le togra an Choimisiúin i dtaca le Rialachán um Shábháilteacht Bréagán na ceanglais riachtanacha le haghaidh bréagán leis an gceanglas sábháilteachta ginearálta gur gá nach gcuirtear sláinte agus sábháilteacht leanaí i mbaol le bréagáin, lena n-áirítear folláine shíceolaíoch agus forbairt chognaíoch.

Molann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta go dtugann geallsealbhóirí cuairt ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh[1] a sholáthraíonn tuilleadh eolais faoin togra.

[1] Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle faoi shábháilteacht bréagán agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/48/CE

# Miondealú ar an Rialachán atá Beartaithe

Cuimsítear 10 gCaibidil agus 56 Airteagal leis an Rialachán seo.

## CAIBIDIL I – FORÁLACHA GINEARÁLTA

Leis an gCaibidil seo, leagtar amach an t-ábhar, raon an togra agus na príomhthéarmaí a mbaintear úsáid astu sa Rialachán atá beartaithe. Leagtar amach na sainmhínithe don slabhra breisluacha, na príomhgheallsealbhóirí agus tugtar soiléiriú ar cheanglais táirge agus lipéid rabhaidh do bhréagáin.

## CAIBIDIL II – OIBLEAGÁIDÍ NA N-OIBREOIRÍ EACNAMAÍOCHTA

Leagtar amach sa Chaibidil seo oibleagáidí na monaróirí, na n-allmhaireoirí, agus na ndáileoirí. Tugtar achoimre sa Chaibidil seo freisin ar fhreagrachtaí an ionadaí údaraithe agus na n-oibreoirí eacnamaíochta.

## CAIBIDIL III: COMHRÉIREACHT BRÉAGÁN

Tugtar achoimre sa Chaibidil seo ar thoimhde na comhréireachta i dtaca le bréagáin atá i gcomhréireacht le caighdeáin chomhchuibhithe. Tugtar achoimre freisin ar na sonraíochtaí agus na rialacha comhchoiteanna maidir leis an gcomhartha CE a chur ar bhréagáin.

## CAIBIDIL IV: PAS TÁIRGE

Leagtar amach sa Chaibidil seo na ceanglais agus an dearadh teicniúil do mhonaróirí chun Pas Táirge Digiteach a chruthú. Dearbhaítear leis freisin oibriú an phas táirge, na clárlainne lárnaí agus na gceanglas rialaithe custam a bhaineann leis an bpas táirge.

## CAIBIDIL V: MEASÚNÚ COMHRÉIREACHTA

Tugtar achoimre sa Chaibidil seo ar na nósanna imeachta a bhaineann leis an measúnú sábháilteachta agus an measúnú comhréireachta ar gá do mhonaróirí cloí leo. Leagtar amach freisin an oibleagáid atá ar mhonaróirí maidir leis an doiciméadacht theicniúil le háirithiú go gcloíonn an bréagán leis na ceanglais sábháilteachta riachtanacha.

## CAIBIDIL VI: FÓGRA A THABHAIRT MAIDIR LE COMHLACHTAÍ UM MEASÚNÚ COMHRÉIREACHTA

Leagtar amach sa Chaibidil seo na ceanglais a bhaineann leis na húdaráis a thugann fógra agus na comhlachtaí dá dtugtar fógra. Tugtar sonraí breise freisin i dtaca leis na hoibleagáidí oibríochtúla agus an toimhde chomhréireachta de chuid na gcomhlachtaí dá dtugtar fógra, an t-iarratas, agus an nós imeachta a bhaineann leis an bpróiseas um fhógra a thabhairt.

## CAIBIDIL VII: FAIREACHAS MARGAIDH

Tugtar achoimre sa Chaibidil seo ar an nós imeachta chun déileáil le bréagáin a bhfuil riosca ag baint leo ar leibhéal náisiúnta. Tagraítear freisin don nós imeachta coimirce, na bearta náisiúnta a bhaineann le bréagáin atá i gcomhréir leis

na ceanglais sábháilteachta áirithe, ach lena mbaineann riosca, agus gníomh an Choimisiúin maidir le bréagáin lena mbaineann riosca.

## CAIBIDIL VIII: CUMHACHTAÍ TARMLIGTHE AGUS NÓS IMEACHTA COISTE

Leagtar amach sa Chaibidil seo na cumhachtaí tarmligthe ar féidir leis an gCoimisiún a ghlacadh. Tugtar achoimre freisin ar na hiarratais ar mheasúnú chun críocha Alt 46(6) agus tuairim ECHA.

## CAIBIDIL IX: RÚNDACHT AGUS PIONÓIS

Tugtar achoimre sa Chaibidil seo ar na ceanglais rúndachta idir údaráis náisiúnta inniúla, comhlachtaí dá dtugtar fógra agus an Coimisiún. Tugtar le fios inti freisin na pionóis infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo.

## CAIBIDIL X: FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Leagtar amach sa Chaibidil seo dáta aisghairme na Treorach agus an idirthréimhse le haghaidh bréagán a cuireadh ar an margadh i gcomhréir le Treoir 2009/48/CE. Tagraítear freisin don tréimhse measúnachta agus athbhreithnithe atá leagtha amach don Choimisiún chomh maith le teacht i bhfeidhm an Rialacháin.

# Ceisteanna

**Ceist 1:**

Cad iad do dhearcthaí ar raon feidhme an Rialacháin atá beartaithe? I do fhreagra, tabhair sonraí sonracha chun tacú le do dhearcadh, le do thoil.

**Ceist 2:**

Cad iad do dhearcthaí ar na sainmhínithe atá curtha san áireamh sa Rialachán atá beartaithe?

I do fhreagra, tabhair sonraí sonracha chun tacú le do dhearcadh, le do thoil.

**Ceist 3:**

Cad iad do dhearcthaí ar oibleagáidí na monaróirí, na n-allmhaireoirí, agus na ndáileoirí atá molta i gCaibidil II?

**Ceist 4:**

Cad iad do dhearcthaí ar na freagrachtaí atá molta i dtaca le hionadaithe údaraithe agus le hoibreoirí eacnamaíochta atá leagtha amach i gCaibidil II?

**Ceist 5:**

Cad iad do dhearcthaí ar an bpas táirge digiteach? I do fhreagra, tabhair sonraí sonracha chun tacú le do dhearcadh, le do thoil.

**Ceist 6**

Má tá aon bharúlacha eile agat ar an togra nach gclúdaítear sna ceisteanna thuas, moltaí nó leasuithe sonracha san áireamh, leag amach thíos iad, le do thoil:

## Spriocdháta le haghaidh Aighneachtaí

Is é an spriocdháta le haghaidh aighneachtaí 22 Bealtaine 2024. Ba cheart aighneachtaí a sheoladh chuig: conspol@enterprise.gov.ie .

Tabhair ainm agus sonraí teagmhála an duine aonair, an chomhlachta nó na heagraíochta chomh maith le hachoimre ghairid i dtaca le do leas san ábhar agus d'aighneacht á déanamh agat, le do thoil.

## An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 agus foilseachán na naighneachtaí

Cuirfidh an Roinn gach aighneacht a fhaightear faoin gcomhairliúchán sin ar fáil ar a suíomh gréasáin. Tabhair do d'aire go bhféadfar faisnéis arna soláthar don Roinn a nochtadh mar fhreagra ar iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Dá bhrí sin, ba cheart duit aon fhaisnéis a mheasann tú a bheith íogair ó thaobh tráchtála de a shainaithint, agus sonraigh an chúis lena híogaireacht. Rachaidh an Roinn i dteagmháil leat maidir le faisnéis atá sainaitheanta agat a bheith íogair sula bhfoilsítear nó a nochtar é ar bhealach eile.

## Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Ba chóir d'fhreagróirí a thabhairt dá n-aire gur tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí i bhfeidhm in Éirinn ar an 25 Bealtaine 2018 agus gurb é níos mó smachta a thabhairt do dhaoine aonair ar a gcuid sonraí pearsanta ba chúis leis.

Is iad príomhphrionsabail an Rialacháin ná:

- Dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht;
- Teorannú de réir cuspóra;

- Íoslaghdú sonraí;
- Cruinneas;
- Teorannú stórála;
- Iontaofacht agus rúndacht, agus
- Cuntasacht.

Tá an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta faoi réir fhorálacha an Rialacháin maidir le sonraí pearsanta a bhailíonn sí ón 25 Bealtaine 2018. Caithfear le haon fhaisnéis phearsanta a thugann tú don Roinn seo leis na caighdeáin um shlándáil agus rúndachta is airde agus ar bhealach atá i gcomhréir dhlúth leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018.

# Aguisín – Foirmeacha Freagraí